C/2026/4993

30.9.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4993)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Λευκωσία’

Uimhir thagartha AE: PGI-CY-A1621-AM02 — 1.7.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Λευκωσία’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Chipir

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Chomhshaoil – An Roinn Talmhaíochta – An Rannóg Fíonsaothrúcháin agus Fíoneolaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Baineann na leasuithe le (a) tuairisc ar an bhfíon, (b) na cineálacha fíonchaor aicmithe óna dtáirgtear an fíon, agus (c) na huastáirgeachtaí in aghaidh an heicteáir.

Tagann na leasuithe caighdeánacha atá i gceist faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Is é is cuspóir do na leasuithe caighdeánacha sin feabhas a chur ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint (TGFC) ‘Λευκωσία’, gan an baol a bheith ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach a leagtar amach sa doiciméad aonair ar neamhní ná gan srianta breise a bheith i gceist leis ar mhargú an táirge.

Ní áirítear leis an leasú athrú ar ainm ná ar úsáid ainm ná ar chatagóir an táirge [mar a leagtar síos le haghaidh fíona in Airteagal 24(3)(a)(ii) de Rialachán (AE) 2024/1143].

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar na leasuithe

Tuairisc

Áirítear an méid seo a leanas ar na leasuithe caighdeánacha:

(a) athdhréachtú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus/nó leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm maidir le saintréithe anailíseacha, go sonrach íosteorainneacha agus uasteorainneacha le haghaidh na bparaiméadar is gá le haghaidh fíonta geala a chur in ionad na meánteorannacha, chomh maith le huasteorainneacha agus íosteorainneacha a chur isteach le haghaidh na bparaiméadar is gá le haghaidh fíonta *rosé* agus fíonta dearga;

(b) rinneadh athdhréachtú ar na tréithe orgánaileipteacha, go háirithe na paraiméadair maidir le 'cuma', 'deabholadh' agus 'blas' le haghaidh fíonta geala a fhorlíonadh/a cheartú le tuairiscí iomlána, agus cuireadh cáilíochtaí orgánaileipteacha fíonta *rosé* agus fíonta dearga leis;

(c) na cineálacha sonracha fíonchaor a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear na hainmneacha a cheartú i gcomhréir leis an aicmiú náisiúnta nua atá i bhfeidhm agus cuireadh an cineál 'Vasilissa' leis;

(d) dealaíodh idir na huastáirgeachtaí in aghaidh an heicteáir agus ceartaíodh iad de réir an chineáil fíona (fíon geal, fíon *rosé* agus fíon dearg).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha an fhíona

'Λευκωσία'

Uimhir thagartha AE: PGI-CY-A1621-AM02 — 1.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Λευκωσία'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Chipir

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Sa ghloine, bíonn dath glasbhuí glé ar an bhfíon, d'fhéadfadh dath níos déine buí teacht air tar éis maothú réamhchoipiúcháin ag teocht íseal, agus tar éis an aosaithe iarchoipiúcháin ar an moirt agus rúscadh (*sur lies* agus *bâtonnage*), b'fhéidir, agus/nó tar éis an aosaithe i mbairille adhmaid nó sa bhuidéal.

Dea-bholadh

Is éard atá sa chumhracht dea-bholaithe torthaí a bhfuil bia bán iontu, torthaí trópaiceacha agus bláthanna ag brath ar na cineálacha óna dtáirgtear é agus ar an teicníc fíonóireachta a úsáidtear, agus b'fhéidir bolaithe spíosra tar éis aibiú/aosú i mbairillí adhmaid.

Blas

Sa bhéal, bíonn an fíon tathagach mar gheall ar an alcól nádúrtha, an mhianracht agus an aigéadacht bhríomhar lena mbaineann iarbhlas aramatach a mhaireann ar feadh tréimhse ama measartha.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	20
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	46,6
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Sa ghloine, bíonn an fíon gléghlan lena mbaineann gealáin chorcairghorma agus imireacha éagsúla de dhath dúdhearg a d'fhéadfadh a bheith donnrua tar éis aosú sa bhuidéal.

Dea-bholadh

Ta an chumhracht casta agus bíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus luibheanna le brath uirthi ag brath ar na cineálacha fíniúna óna dtáirgtear é agus ar an teicníc fíonóireachta a úsáidtear, agus siollaí spíosra tar éis aibiú/aosú i mbairillí adhmaid, b'fhéidir.

Blas

Sa bhéal, tá an fíon tathagach mar gheall ar an alcól nádúrtha agus tá struchtúr maith aige lena mbaineann tainniní láidre, aigéadacht chothromaithe agus iarbhlas aramatach idir measartha agus fada.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	20
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	46,6
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé—ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn an fíon glé agus bíonn dath chraiceann an oinniúin, dath an bhradáin nó dath ar róis air agus imireacha eile de dhearg.

Dea-bholadh

Tá dea-bholaithe caor dearg agus luibheanna sa chumhracht ag brath ar na cineálacha fíniúna óna dtáirgtear í agus ar an teicníc fíonóireachta a úsáidtear.

Blas

Sa bhéal, bíonn an fíon tathagach mar gheall ar an alcól nádúrtha, an mhianracht agus an aigéadacht bhríomhar lena mbaineann iarbhlas aramatach a mhaireann ar feadh tréimhse ama measartha.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	20
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	46,6
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srianta ar an bhfíonóireacht

Tuairisc

Ní mór na fíonghoirt a iontráil i gclár fíonghort an údaráis inniúil, agus ní mór iad a bheith ar a laghad 4 bliana d'aois, agus 168 bplanda in aghaidh an deiceáir ar a laghad.

Saothrú: ciallaíonn saothrú meicniúil nó saothrú ceimiceach gach séasúr fíonsaothrúcháin.

Prúnáil: gach séasúr fíonsaothrúcháin

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srianta ar an bhfíonóireacht

Tuairisc

Ní mór an fhíonóireacht a dhéanamh sa limistéar riaracháin ábhartha nó i bhfíorchóngaracht an limistéir sin.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíon geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	14 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíon *rosé*

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	10 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíon dearg

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	10 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Alicante Bouschet

— Altesse

— Cabernet Franc

— Cabernet Sauvignon

— Carignan - Carignan Noir

— Chardonnay

— Chenin Blanc

— Cinsaut - Cinsault, Oeillade

— Gamay - Gamay Noir

— Gewurztraminer - Traminer

— Grenache - Grenache Noir

— Malbec

— Malvasia Bianca

— Malvasia Grossa

— Malvasia Lunga

— Malvasia di Candia - Malvasia Aromatica

— Merlot - Merlot Noir

— Mourvedre - Mataro

— Mueller Thurgau - Muller Thurgau

— Palomino

— Pinot Blanc

— Pinot Noir

— Riesling - Rhine Riesling

— Sangiovese

— Sauvignon Blanc

— Semillon

— Sylvaner

— Syrah - Shiraz

— Ugni Blanc - Trebbiano

— Viognier

— Zinfandel - Primitivo

— Agiorgitiko

— Athiri - Athiri Aspro [Athiri Geal]

— Athiri Mavro - Mavrathiro

— Assyrtiko

— Vasilissa - Vasilissa Morocanella

— Vertzami - Lefkada

— Vlouriko - Flouriko

— Giannoudi

— Thrapsathiri

— Canella

— Korinthiaki

— Limnio

— Mandilaria

— Maratheftiko - Vamvakada, Pampatzia

— Mavrodaphne

— Mavrotragano

— Mavro – Local Mavro Ambelisimo

— Morocanella

— Moschato Alexandreias - Malaga, Muscat Chathair Alastair

— Moschato Amvourgou - Muscat Dubh, Muscat Hamburg

— Moschato Aspro [Muscat Geal] - Muscat duotone, Moschato Samou [Muscat Samos]

— Moschato Kyprou [Muscat na Cipire]

— Moschofilero

— Xinomavro

— Xynisteri

— Ophthalmo

— Promara

— Rhoditis / Roditis

— Sultanina / Soultanina - Soultana

— Spourtiko

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Teorainneacha riaracháin cheantar na Niocóise

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☑ cáilíocht shainiúil

☑ saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

I gcás thásc geografach faoi chosaint (TGFC) 'Λευκωσία', is é is cúis leis an nasc cúisíoch idir tionscnamh geografach na dtáirgí fíniúna tosca sonracha nádúrtha agus daonna a bhfuil tionchar láidir acu ar thréithe orgánaileipteacha na bhfíonta a tháirgtear, mar a thuairiscítear sa roinn 'Tuairisc ar na fíonta'

A. Tosca nádúrtha

Tá ceantar na Niocóise suite sa chuid thuaidh de limistéir na Cipire ar a bhfeidhmíonn Poblacht na Cipire rialú éifeachtach agus tá teorainn aige le ceantar Paphos san iardheisceart, le ceantar Kyrenia sa tuaisceart, le ceantar Larnaca san oirdheisceart, le ceantar Famagusta san oirthear agus le ceantar Limassol sa deisceart. Cumhdaíonn sé achar 2 717 gciliméadar chearnacha a bhfuil thart ar 30 % d'achar iomlán na Cipire i gceist leis.

Rilíf agus saintréithe ithreach

Rilíf shléibhtiúil, fánaí géara nádúrtha ag airdí idir 500 m agus 1 300 m, ar mheánghrádán idir 20° agus 40°, lena mbaineann go leor ailteanna agus sliabhraonta, agus ithir bholcánach, chlochach agus neamhthorthúil. De ghnáth déantar léibhinn ar an talamh agus coinníonn ballaí cloiche tirime traidisiúnta ina n-ionad iad chun gur féidir fíonghoirt a phlandú agus a shaothrú.

Saintréithe aeráide

Níl aeráid cheantar na Niocóise éagsúil le haeráid ghinearálta na Meánmhara ar saintréith í don Chipir ina hiomláine. Athraíonn meánteochtaí de réir an tír-raoin agus na hairde. Is iad na príomh-shaintréithe aeráide an samhradh teo tirim ó lár mhí na Bealtaine go lár mhí Mheán Fómhair, agus an geimhreadh séimh ó mhí na Samhna go mí Feabhra. Tá limistéir fíonsaothrúcháin na Niocóise suite go príomha ar fhánaí thuaidh shliabhraon Troodos. Bíonn an mheánteocht laethúil sa samhradh idir 23 °C agus 26 °C, agus bíonn sé idir 7 °C agus 8 °C sa gheimhreadh. Bíonn 8 n-uair an chloig de thréimhsí gréine in aghaidh an lae sa réigiún ar an meán. Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil idir 600 agus 950 milliméadar, agus an bháisteach is mó ann i mí na Nollag, i mí Eanáir, i mí Feabhra agus i mí an Mhárta, agus is beag báisteach a thiteann i míonna eile na bliana nó ní thiteann aon bháisteach sna míonna sin. Is iondúil go dtiteann sneachta i limistéir ina bhfuil airdí os cionn 1 000 méadar sa tréimhse 2 mhí ó mhí na Nollag go mí Eanáir.

Cruthaítear na dálaí le haghaidh strus maidir le huisce sna fíniúnacha leis na tosca réamhluaite uile, go sonrach: na hithreacha réasúnta éadomhain agus neamhthorthúil, an aeráid the agus gan mórán báistí a bheith ann. Bíonn an táirgeacht réasúnta beag, agus tugann tiúchan nádúrtha na gcomhábhar carachtar aramatach agus struchtúr do na fíonta sa bhéal ar saintréith é an carachtar sin den tionscnamh geografach, mar a thuairiscítear sa roinn 'Tuairisc ar na fíonta'.

B. Tosca daonna

Ós rud é go gcuirtear na fíonghoirt ar thalamh neamhthorthúil agus ar thalamh le fána, tá sé thar a bheith deacair iad a choinneáil ar bun. Cuirtear formhór na bhfíonghort ar bhealach neamhrialta. Treoraítear na fíniúnacha go ginearálta trí úsáid a bhaint as an modh traidisiúnta *gobelet* [cuachphrúnáil] agus cuimsíonn an raon cineálacha a tháirgtear Mavro, Xynisteri agus Maratheftiko go príomha. Shocraigh na táirgeoirí féin – saothraithe fíniúna agus déantóirí fíona – uastáirgeachtaí ar bhonn sonraí eimpíreacha a bailíodh le himeacht ama agus leagadh síos go hoifigiúil iad in 2004 le reachtaíocht náisiúnta. Is idirghabhálacha suntasacha daonna sa réimse sin iad tógáil léibheann agus ballaí cloiche tirime traidisiúnta freisin. Is iad na cleachtais fhíoneolaíocha cheadaithe na cleachtais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, agus leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta na híosleibhéil le haghaidh an nirt alcóil nádúrtha de réir toirte.

Idirghníomhaíocht chúisíoch

Cinneann na tosca daonna sonracha, i gcomhar le saintréithe ithreach agus aeráide, conas a léirítear an nasc leis an TGFC 'Λευκωσία'. Go háirithe, bíonn cion alcóil bríomhar ag na fíonta uile ón limistéar geografach seo agus bíonn struchtúr ag na fíonta dearga lena mbaineann tainniní láidre mar gheall ar shaintréithe na hithreach de thionscnamh bolcánach, lena mbaineann carraigeacha gabró agus diabáise den chuid is mó, an tír-raon sléibhtiúil géar, an airde réasúnta ard ina bhfuil grádáin agus ithir éadomhain, an teocht, solas na gréine, níos mó báistí agus an chaoi a dtreoraítear na fíniúnacha isteach sa chruth traidisiúnta *gobelet* nó cuach. Cinneann na tosca daonna sonracha, i gcomhar le saintréithe ithreach agus aeráide, conas a léirítear an nasc leis an TGFC 'Λευκωσία'.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Ní mór an fhíonóireacht a dhéanamh sa limistéar críochaithe féin nó i bhfíorchóngaracht an limistéir sin.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta (Gníomh Riaracháin Rialála 536/2014), déantar fíonóireacht sa limistéar críochaithe féin nó san fhíorchóngaracht.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Sonraí éigeantacha maidir le méid siúcra an fhíona

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta (Gníomh Riaracháin Rialála 52/2016), tá sonraí maidir le méid siúcra an fhíona éigeantach anois.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Léiriú sainordaitheach bhliain an fhíona.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta (Gníomh Riaracháin Rialála 52/2016), tá sé éigeantach anois bliain an fhíona a léiriú. Níl feidhm ag an oibleagáid maidir le pacáistíocht ag a bhfuil toirt ainmniúil atá cothrom le 200 millilítear nó níos lú ná sin, ná maidir le fíonta nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le tásc roghnach na bliana fíona, mar a leagtar síos in Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/33.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://bit.ly/3SFwsM8